



Tráth a Dó: Teaghlaigh an Chreidimh

An Chéadaoin: Seantuismitheoirí: Cuid Shuntasach dár dTeaghlach

Machnamh

Má tá teaghlach ann nach dtugann ómós do na seantuismitheoirí, dóibh san atá mar fhianaise bheo ar an saol teaghlaigh, tá an teaghlach sin in éag. An teaghlach a dhéanann cúram de na seantuismitheoirí, ní baol dóibh don todhchaí. (*Amoris Laetitia*, 192–3)

Nóta: Ba cheart go mbeadh na múinteoirí discrídeach maidir leis na gníomhaíochtaí seo má tá daltaí ann ar cailleadh seantuismitheoirí leo le déanaí, nó nach mbíonn aon teagmháil acu leis na seantuismitheoirí.

Is féidir leis na ranganna dul i ngleic leis an ábhar seo ar leibhéal éagsúla. Roghnaigh an obair a oireann do do rang féin.

Gníomhaíochtaí


Is cuid shuntasach den teaghlach iad na seantuismitheoirí. Déanann siad cúram dínn, tugann siad grá dúinn, múineann siad scileanna an tsaoil agus an chreidimh dúinn.

- Bain úsáid as an bhfráma ar leathanach 2 le pictiúr a tharraingt den seantuismitheoir nó den shinsheantuismitheoir. Scríobh an t-ainm ar an líne atá faoi. Déan plé faoi na focail is oiriúnaí a bheadh ann le cur síos a dhéanamh ar na seantuismitheoirí. Scríobh amach na focail agus greamaigh timpeall ar na portráidí sin iad.
- Scríobh amach liosta deich rud a d'fhoghlaimíomar ó na seantuismitheoirí. Múineann na seantuismitheoirí rudaí tábhachtacha dúinn. Scríobh an liosta, bunaithe ar leathanach 3, mar rang iomlán nó mar dhaltaí indibhidiúla.
- Tabhair cuireadh do sheantuismitheoirí teacht isteach sa seomra ranga. Ullmhaigh liosta ceisteanna dóibh a dhéanfadh comparáid idir shaol na ndaltaí agus óige na seantuismitheoirí. Is féidir na ceisteanna a rangú de réir na gceannlínte ar leathanach 4 agus d'fhéadfadh na daltaí na freagraí agus an méid a bhí le foghlaim a bhreacadh síos. Mar mhalairt air sin is féidir leis na daltaí an liosta ceisteanna a thabhairt abhaile chuig na seantuismitheoirí agus a fháil amach faoin mbealach ar athraigh an domhan le linn a saol.
- Scríobh paidir ag gabháil buíochais as na seantuismitheoirí.
- Múin an cluiche 'Trí-Dó-Aon' agus iarr ar na páistí an cluiche a imirt leis na seantuismitheoirí. Tá míniú ar an gcluiche ar leathanach 5.





Is cuid shuntasach den teaghlach an seantuismitheoir





Deich rud a d'fhoghlaim mé ón seantuismitheoir

1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

6. _____

7. _____

8. _____

9. _____

10. _____

Is cuid shuntasach den teaghlach iad na seantuismitheoirí!
Gránn siad, múineann siad, tugann siad aire.





Agallamh le seantuismitheoir!

Catagóir	An seansaol ...	Saol an lae inniu ...
Teicneolaíocht		
Iompar		
Scoil		
Saoire		
Cluichí agus Bréagáin		
Ag tabhairt Aire don Domhan		





Trí-Dó-Aon

I dtosach báire, roghnaítear topaic éigin. Tugtar samplaí áirithe thíos, ach is féidir do rogha topaic a phiocadh. **Insíonn** duine trí rudaí, **cuireann dhá cheist**, agus **taispeánann** rud amháin a bhaineann leis an topaic sin.

Topaicí do na daltaí

- Cad é do 'trí-dó-aon' maidir leis an tseachtain ar scoil?
- Cad é do 'trí-dó-aon' maidir leis an méid a rinne tú taobh amuigh den am scoile – spórt, ceol, gasóga nó banóglai gh 7rl.
- Cad é do 'trí-dó-aon' maidir leis an ullmhú don Chóineartú?

Topaicí do na seantuismitheoirí

- Cad é do 'trí-dó-aon' na seachtaine seo caite?
- Cad é do 'trí-dó-aon' maidir le caitheamh aimsire?
- Cad é do 'trí-dó-aon' maidir leis an gcreideamh/reiligiún?

3 - 2 - 1

3 - 2 - 1